GACH SCOIL INA SCOIL MHAITH

STRAITÉIS LEIS AN nGNÓTHACHTÁIL A ARDÚ SA LITEARTHACHT AGUS SAN UIMHEARTHACHT

FREAGRA COMHAIRLIÚCHÁIN

Ainm: _____

Eagras: _____

Uimh Thag Scoile: _____ (má bhaineann)

Uimh Fóin Teagmhála: _____

Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

INVESTOR IN PEOPLE

Pointe Comhairliúcháin 1

Deir "Gach Scoil ina Scoil Mhaith – Straitéis leis an nGnóthachtáil a Ardú sa Litearthacht agus san Uimhearthacht" gur chóir go mbeadh fiúntas gach duine óg bunaithe ar an gcuid buanna ar leith agus a gcumais agus gur chóir go mbeadh an deis chéanna tugtha dóibh le gnóthú, san áit ina gcuirtear in oiriúint na ndaoine óga uile an soláthar a chomhlíonann a riachtanais i gcóras iar-bhunoideachais atá aontaithe, solúbtha agus freagrach.

An aontaíonn tú, d'fhonn leibhéil litearthachta agus uimhearthachta ár ndaoine óga a fheabhsú, gur féidir linn agus gur chóir dúinn córas iar-bhunoideachais a chruthú gan aon ghné den roghnú acadúil ann?

Aontaíonn ☐ Ní aontaíonn ☐

Aon phointe tráchta eile:

Pointe Comhairliúcháin 2

Is iad aidhmeanna agus cuspóirí na straitéise leasaithe ná:

1. caighdeáin sa litearthacht agus uimhearthacht a ardú trí straitéisí foghlama agus teagaisc atá deartha le cuidiú le daoine óga bunscileanna litearthachta agus uimhearthachta a fháil;

2. oibriú i gcomhar le straitéisí eile, go háirithe an straitéis nua feabhsúcháin scoile Gach Scoil ina Scoil Mhaith d'fhonn:

   - leibhéil ghnóthachtála do gach duine óg a ardú sa litearthacht agus san uimhearthacht;

   - na bearnaí reatha atá ann a chúngú i leith na dtorthaí a bhaineann na buachaillí amach i gcomparáid leis na cailíní agus idir iad siúd atá faoin míbhuntáiste is mó agus iad siúd atá faoin míbhuntáiste is lú; agus

   - an bhearna idir na daltaí agus scoileanna is airde agus is ísle ó thaobh na feidhmíochta de, tar éis 12 bhliain d'oideachas éigeantach, a chúngú.

3. cur chuige atá níos éifeachtaí agus níos comhsheasmhaí a chur chun cinn inar féidir tacú le teagasc agus foghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta i ngach céim;

4. a chinntiú go n-aithnítear áit lárnach an mhúinteora ranga maidir leis an litearthacht agus an uimhearthacht agus go dtacaítear leis;

5. ról ceannasaíochta feabhsaithe a chinntiú ó thaobh theagasc na teanga agus litearthachta agus matamaitice agus uimhearthachta, agus, rannpháirtíocht níos éifeachtaí ag na hábhair eile sa litearthacht agus uimhearthacht;

6. úsáid níos éifeachtaí de shonraí agus faisnéis feidhmíochta scoile a dhaingniú i dteagasc na teanga agus litearthachta agus matamaitice agus uimhearthachta;

7. fócas níos fearr ar theagasc na litearthachta agus uimhearthachta a chinntiú le linn oiliúna tosaigh an mhúinteora;

8. cinntiú go bhfuil cumarsáid agus pleanáil fheabhsaithe ar cheisteanna na litearthachta agus uimhearthachta idir na scoileanna agus na daltaí ag aistriú céimeanna;

9. tacaíocht atá níos déine agus níos dírithe a chur chun cinn don litearthacht agus uimhearthacht sna scoileanna sin nach bhfuil an lánacmhainneacht á comhlíonadh acu; agus

10. cinntiú go mbíonn na gobharnóirí agus na príomhoidí ag súil leis na caighdeáin is airde agus is féidir don litearthacht agus uimhearthacht agus go bhfuil siad á leagan amach.

An aontaíonn tú le haidhmeanna agus cuspóirí na straitéise beartaithe?

Aontaíonn ☐ Ní aontaíonn ☐

Liostaigh aon aidhmeanna agus spriocanna eile ba mhian leat a bheith san áireamh:

Pointí Comhairliúcháin 3 – 5

Molann an straitéis leasaithe cur chuig le trí bheangán ar a dtugtar Tonn a hAOn, Tonn a Dó agus Tonn a Trí.

TONN A hAON

Díríonn Tonn a hAon ar chaighdeán na múinteoireachta ranga uile agus deir sé:

- Gur chóir go mbeadh an phleanáil don litearthacht agus uimhearthacht, ní hamháin sna ceachtanna teanga & litearthachta agus matamaitice agus uimhearthachta ach thar an gcuraclam ar fad, bunaithe ar chláir struchtúrtha atá in oiriúint do riachtanais gach rang ar an iomlán agus do riachtanais a dhaltaí aonair;

- Gur chóir go gcuirfeadh an teagasc ranga uile cáilíochta, atá leagtha síos i gcuraclam saibhir ó thaobh na teanga, na ceithre shraith uile neamhspleácha den teanga chun cinn: labhairt; éisteacht; léitheoireacht; agus scríbhneoireacht agus ba chóir go léireofaí iontu plean scoile uile don teanga. Sna luathbhlianta, agus dul chun cinn á dhéanamh acu thar na heochairchéimeanna, ba chóir go nglacfadh leanaí agus daoine óga páirt in eispéiris litearthachta mhúnlaithe, chomhroinnte, threoraithe agus neamhspleácha áit:

    - a mbreathnaíonn siad ar na múinteoirí agus raon straitéisí á múnlú acu agus a nglacann siad páirt in eispéiris chomhroinnte;
    - a nglacann siad páirt in obair threoraithe;
    - a dtugann siad faoi raon gníomhaíochtaí neamhspleácha; agus
    - a mbeidh fáil acu ar ábhair phriontála, teicneolaíocht íomhánna gluaiste agus digiteach, agus a mbainfidh siad úsáid éifeachtach astu le tacú lena bhfoghlaim.

- Sna chéad chéimeanna den fhorbairt teanga (i mBliain 2 go hiondúil), agus i gcomhthéacs timpeallachta saibhir ó thaobh na litearthachta, ba chóir go bhfaigheadh na leanaí clár córasach atá faoi cheangal ama d'obair fhónaice ardchaighdeáin, atá neartaithe trí mheasúnú cúramach agus mhonatóireacht chúramach ar an dul chun cinn agus iad ag bogadh ón bhfoghlaim chun léimh i dtreo an léimh chun foghlama agus iad ag

tabhairt faoi raon éagsúil téacsanna chun críocha ar leith agus mar ábhar pléisiúir;

- I luathfhorbairt na huimhearthachta, ba chóir do leanaí coincheapa na huimhreach, an spáis, an tomhais agus na sonraí a fhorbairt agus iad i mbun a ngarthimpeallachtaí a thaiscéaladh agus a láimhsiú, straitéisí matamaitice meabhracha a fhoghlaim i gcomhthéacsanna saibhre éagsúla agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo a bheith in ann fadhbanna a réiteach, rogha a dhéanamh ó raon leathan straitéisí éagsúla, a gcuid smaointe a chur in iúl go matamaiticiúil agus le muinín, agus an bhaint atá ag an rud atá ar siúl acu leis an ngnáthshaol.

- Sa mhatamaitic, ba chóir go ndéanfadh na múinteoirí teagasc na gcoincheap matamaitice chomh suimiúil agus chomh bainteach agus is féidir agus a chinntiú go dtarlaíonn an fhoghlaim trí ghníomhaíochtaí idirghníomhacha agus comhoibríocha. Beidh an cur chuige seo á thionlacan ag:-

  - dúshlán ar thuiscint an dalta, trí cheistiú oilte agus ag éileamh ar na daltaí teacht ar thuairimí agus a smaointeoireacht a chosaint;
  - úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí éagsúla, lena n-áirítear TFC agus trealamh praiticiúil, agus daltaí ag obair ina n-aonar, i bpéirí nó i ngrúpaí, dá bharr;
  - ag spreagadh an ndaltaí chun idirnaisc a dhéanamh laistigh den mhatamaitic agus a bhaineann lena gcuid oibre i réimsí eile den chutaclaim
  - mínithe soiléir a thabhairt, agus níos mó ná ceann amháin, nuair is cuí;
  - deiseanna a sholáthar do dhaltaí fadhbanna a réiteach;
  - straitéisí meabhrach matamaitice a chomhtháthú, nuair is cuí
  - ag spreagadh an ndaltaí chun smaoineamh agus labhairt faoi conas a fhoghlaimíonn siad agus cad atá foghlamtha acu, ag baint úsáide as seisiúin iomlánacha mar is cuí; agus
  - fócas níos mór ar mhatamaitic san ionad oibre agus samplaí ón bhfíorshaol a aithint; agus

- Tá sé tábhachtach go mbeidh bearta i bhfeidhm i ngach scoil le daltaí a bhfuil bua ar leith acu a aithint agus lena chinntiú go dtógann an soláthar san áireamh ní hamháin leibhéal a gcumais, ach go bhfuil sé dúshlánach go leor lena suim a choinneáil, a leathnú agus a fhorbairt.

An aontaíonn tú leis an gcur chuige do Thonn a hAon?

Aontaíonn ☐ Ní Aontaíonn ☐

Aon phointe tráchta eile:

TONN A DÓ

Deir Tonn a Dó, má tá dalta ag tearcghnóthú, nó má tá deacrachtaí ar leith acu sa litearthacht agus/nó san uimhearthacht, beidh an dalta sin aitheanta ansin le haghaidh tacaíochta breise. De ghnáth tabharfaidh an múinteoir ranga (nó ábhair) an tacaíocht bhreise, ag obair, mar is gá, i gcomhair le comhleacaithe laistigh den scoil. Beidh an tacaíocht seo:

- curtha le chéile mar chlár struchtúrtha a ndíreoidh an múinteoir (nó cúntóir ranga atá ag obair faoi mhaoirsiú an mhúinteora) air agus a bheidh curtha i gcrích);

- faoi cheangal ama agus in oiriúint do riachtanais dhaoine aonair agus ghrúpaí;

- curtha in oiriúint do riachtanais mheasúnaithe agus bhreathnaithe na ndaltaí ina n-aonar agus ag díriú ar chuspóirí agus spriocanna foghlama ar leith;
- bunaithe ar nósanna imeachta measúnaithe cruinn.

Cuirfear treoir ar fáil ar na hidirghabhálacha agus cur chuigí cuí.

An aontaíonn tú leis an gcur chuige le Tonn a Dó?

Aontaíonn ☐ Ní aontaíonn ☐

Aon phointe trachta eile:

TONN A TRÍ

Deir Tonn a Trí go mba chóir go gcuirfí tús le tacaíocht atá níos pearsantaithe nuair a léirítear i nósanna imeachta measúnaithe nó i mbreathnadóireacht na múinteoirí, nach bhfuil dóthain dul chun cinn déanta ag dalta agus nach bhfuil sé/sí ag baint tairbhe as an tacaíocht bhreise atá tugtha faoi Thonn a Dó. Maidir le tacaíocht Thonn a Trí:

- de ghnáth cuirfidh an múinteoir ranga (nó ábhair) ar fáil é cé go bhféadfaí go mbeadh níos mó tacaíochta de dhíth ón gcuid eile den fhoireann teagaisc agus ghairmiúil;
- oibreoidh sé i gcomhair leis an gcód cleachtais reatha agus leis na hathruithe a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar Athbhreithniú ar

Riachtanais Speisialta Oideachais agus ar an gCuimsiú atá ar siúl faoi láthair;

- beidh sé pearsantaithe go mór le riachtanais na ndaltaí sin le deacrachtaí suntasacha sa litearthacht agus/nó san uimhearthacht, chomh maith leo siúd nár bhain tairbhe as an tacaíocht bhreise atá curtha ar fáil cheana féin;
- beidh sé dírithe go sainiúil ar na daltaí sin a aithnítear a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu do riachtanais breise oideachais;
- beidh sé faoi cheangal ama, agus déanfar monatóireacht agus measúnú air;
- déanfar athbhreithniú a dhéanamh ar an diantacaíocht seo go rialta agus déanfar leasú ar na hidirghabhálacha nach bhfuil dul chun cinn á sholáthar acu;
- mura bhfuil dul chun cinn a dhóthain á dhéanamh fós lorgóidh an scoil comhairle agus cuidiú a lorg ó dhaoine gairmiúla i gcúrsaí oideachais maidir le straitéisí breise le húsáid; agus
- i ngach cás dá leithéid, is gá go mbeidh an Bord Oideachais agus Leabharlainne/an tÚdarás um Oideachas agus Scileanna sásta gur ghlac an scoil le gach céim réasúnta ar dtús lena chinntiú go bhfuil éifeacht leis na straitéisí teagaisc agus tacaíochta breise.

An aontaíonn tú leis an gcur chuige do Thonn a Trí?

Aontaíonn ☐ Ní aontaíonn ☐

Aon phointe tráchta eile:

Pointe Comhairliúcháin 6

Leagann an straitéis leasaithe amach na róil a bheidh ag an Roinn, na Boird Oideachais agus Leabharlainne agus forais tacaíochta eile atá ann, an tÚdarás um Oideachas agus Scileanna (nuair a bhunaítear é), an SENCO sa scoil agus soláthraithe oiliúna tosaigh an mhúinteora i bfoghlaim ghairmiúil a éascú. Is iad sin:

- a chinntiú gur tosaíocht é an soláthar tacaíochta gairmiúla agus deiseanna forbartha i réimse na litearthachta agus uimhearthachta do mhúinteoirí gairmiúla;

- a chinntiú go dtugtar tacaíocht go héifeachtach dóibh siúd le róil bhainistíochta nó chomhordaithe sna scoileanna leis an dea-chleachtas a aithint, a chur i bhfeidhm agus a fhorleathadh i dteagasc agus foghlaim na litearthachta agus uimhearthachta;

- a chinntiú go bhfuil múinteoirí agus múinteoirí faoi oiliúint in ann na sonraí ar fheidhmíocht an dalta, an ranga agus na scoile a thuiscint, agus ciall agus úsáid a bhaint astu;

- cumas na foirne uile a fhorbairt (go háirithe an fhoireann teagaisc, leabharlannaithe, cúntóirí ranga agus an fhoireann tacaíochta) le straitéis agus torthaí litearthachta agus uimhearthachta na ndaltaí a chur i bhfeidhm, go háirithe ar an mhúinteoireacht agus na hidirghabhálacha cuí;

- cur chuige scoile uile a chinntiú le go mbeidh baint ag na struchtúir tacaíochta eile ar nós an chomhordaitheora do riachtanais speisialta nó an mhúinteora thréadchúraim;

- béim bhreise ar leith a leagan ar chumais litearthachta agus uimhearthachta na Múinteoirí atá ag Tosú agus na mac léinn ag tús a n-oideachais mhúinteora a fhorbairt. Ba chóir oiliúint i gcur chuigí ar leith don litearthacht agus uimhearthacht a chur ar gach mac léinn a bhfuil baint acu le tús an oideachais mhúinteora. Más féidir, ba chóir go mbeadh na cur chuigí le feabhas a chur ar an litearthacht san áireamh sa soláthar PCGE agus B.Ed;

- iniúchadh a dhéanamh ar riachtanais na scoileanna le haghaidh oiliúna san fhónaic agus samplaí d'athghreim ar an léitheoireacht;

- go mbeidh scoileanna ar an eolas faoi na hidirghabhálacha éagsúla agus chun tacú leo agus iad seo in úsáid acu chomh maith lena chinntiú go bhfuil ceannairí scoile agus múinteoirí ar an eolas faoin taighde agus cleachtas reatha i dteagasc agus foghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta;

- forbairt agus forleathadh an dea-chleachtais a spreagadh i dteagasc agus i bhfoghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta. Tá sé seo tábhachtach go háirithe i gcomhthéacs úsáid na TFC agus i gcur chuigí comhroinnte eile ina gcuireann daoine óga atá i mbaol na tearcgnóthachtála spéis iontu agus a bhfuil siad díograiseach fúthu. Chomh maith leis sin beidh deiseanna curtha ar fáil do mhúinteoirí den scoth lena n-eolas agus saineolas a chomhroinnt lena gcomhghleacaithe;

- comhairle a chur ar scoileanna maidir le bainistíocht níos fearr ar an bpróiseas trasdula idir céimeanna;

- bealaí a mholadh inar féidir le Seirbhís Leabharlainne na Scoile tacú leis an straitéis trí, mar shampla, chomhairle a chur ar scoileanna ar an stoc a cheaptar a thaithneoidh leis na daltaí nó trí údar a eagrú le cuairt a thabhairt ar scoileanna; agus

- monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn, ag baint úsáide as an bhfianaise ó fheidhmíocht an dalta agus na scoile, ó thaighde, ó chigireacht agus ag baint úsáide as a leithéid fianaise le dúshlán a chur faoi scoileanna ina bhfuil an chuma air go bhfuil treochtaí san fheidhmíocht éagsúil ó stair agus nádúr na scoile.

An aontaíonn tú leis na bearta tacaíochta atá beartaithe leis an bhfoghlaim ghairmiúil a éascú agus lena chinntiú go gcuirtear an straitéis i bhfeidhm go héifeachtach?

Aontaíonn ☐ Ní aontaíonn ☐

An bhfuil aonn cinn eile ann?

Pointe Comhairliúcháin 7

Cuimsíonn an straitéis leasaithe na spriocanna seo a leanas don litearthacht agus don uimhearthacht:

- 70% de mhic léinn ag baint amach cáilíocht Leibhéal 2, lena n-áirítear TGManna A*-C sa Bhéarla/Matamaitic (nó a choibhéis) faoin am a fhágann said scoil faoi 2020;
- 65% de mhic léinn le teidlíocht do Bhéilí Scoile Saor in Aisce ag baint amach 5 nó níos mó TGManna A*-C lena n-áirítear Béarla/Matamaitic faoin am a fhágann siad scoil faoi 2020;
- 95% de mhic léinn ag baint amach TGM A*-G sa Bhéarla agus Matamaitic (nó a choibhéis) faoin am a fhágann siad scoil faoi 2020.

Clochanna Míle

- 55% de mhic léinn ag baint amach cáilíocht Leibhéal 2, lena n-áirítear TGManna A*-C sa Bhéarla/Matamaitic (nó a choibhéis) faoin am a fhágann said scoil faoi 2011.

- 30% de mhic léinn le teidlíocht do Bhéilí Scoile Saor in Aisce ag baint amach 5 nó níos mó TGManna A*-C lena n-áirítear Béarla agus Matamaitic faoin am a fhágann said scoil faoi 2011.

- 90% de mhic léinn ag baint amach TGM A* - G sa Bhéarla agus Matamaitic (nó a choibhéis) faoin am a fhágann said scoil faoi 2011.An aontaíonn tú leis na spriocanna atá molta?

Aontaíonn ☐ Ní aontaíonn ☐

Mura n-aontaíonn, tabhair fáthanna thíos, led' thoil.

Pointe Comhairliúcháin 8

Leagann Cuid 6 den straitéis amach na róil agus freagrachtaí atá molta do scoileanna, na heagrais tacaíochta oideachais, institiúidí oiliúna múinteoirí, an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna, an Roinn Oideachais agus an Tascfhórsa um Litearthacht agus Uimhearthacht.

Scoileanna

- ba chóir go mbeadh polasaí scríofa ag scoileanna ar chur chun cinn na litearthachta agus na huimhearthachta - agus athbhreithniú rialta a dhéanamh air;

- ba chóir go mbeadh ceannasaíocht soiléir ann i bhforbairt agus comhordú na liteartheachta agus na huimheartheachta ar fud an churaclaim;

- i scoileanna iarbhunoideachais, ba chóir aitheantas a thabhairt don ról ar leith atá ag an múinteoir Béarla agus Matamaitice i gcuidiú le soláthar an fheabhsúcháin, chomh maith leis an ról ríthábhachtach is féidir le múinteoirí ábháir eile a imirt i gcuidiú le liteartheacht agus uimheartheacht a fheabhsú – is múinteoirí liteartheachta agus uimheartheachta iad na múinteoirí uilig;

- sna scoileanna uilig ba chóir go mbeadh caidreamh éifeachtach idir na daoine sin a bheidh freagrach as liteartheacht agus uimheartheacht, an SENCO agus an córas cúnaimh tréadchúraim;

- mar chuid den féinbhreithniú agus féinmheasúnú, ba chóir go bhféachfadh scoileanna go criticiúil ar thionchar a straitéisí foghlama agus múinteoireachta agus na n-idirghabhálacha a úsáideann siad, ach go háirithe maidir le scileanna liteartheachta agus uimheartheachta na ndaltaí a fhorbairt;

- caithfidh gach scoil spriocanna atá soiléir agus intomhaiste a shocrú d'fheabhsúcháin sa Bhéarla agus Matamaitic mar chuid dá bpróisis pleanála forbartha scoile;

- ba chóir go gcuirfeadh spriocanna san áireamh treochtaí san fheidhmíocht curtha i gcomparáid le sonraí binsemharcáilte do scoileanna le saintréithe cosúla agus go léireoidís an gá le feabhsúcháin a sholáthar ar an iomlán agus chun aon bhearna sa ghnóthachtáil a laghdú (mar shampla idir bhuachaillí agus cailíní; iad siúd is lú agus is mó atá faoi mhíbhuntáiste; nó na daltaí is mó agus is lú gnóthachtála);

- ba chóir go gcinnteodh ceannairí scoile (gobharnóirí agus príomhoidí) go léiríonn an t-athbhreithniú feidhmíochta agus próiseas forbartha foirne dul chun cinn na múinteoirí aonair i soláthar an dul chun cinn;

- ba chóir go mbainfeadh scoileanna an leas is fearr as na deiseanna ar fad atá ann chun tábhacht na liteartheachta agus na h-uimheartheachta a threisiú agus a fhorbairt trí, mar shampla, léitheoireacht don phléisiúr a spreagadh, ról na matamaitice i ngairmeacha beatha a chothú. Tá tábhacht le ról na scoileanna leathnaithe, an gaol leis an leabharlann

phoiblí áitiúil agus naisc idir scoileanna agus seirbhísí áitiúla reachtúla agus deonacha agus Grúpaí Tacaíochta Lucht Siúil; agus

- ba chóir stoc leabharlainne scoile a athbhreithniú agus a athnuachan go rialta agus daoine óga a bheith páirteach, nuair is féidir, i stoc na leabhar a roghnú.

De bhreis air sin, ba chóir do bhunscoileanna:

- córais a bheith ann chun leanaí a bhfuil idirghabháil breise de dhíth orthu a aithint;

- a chinntiú go bhfaigheann leanaí, sna luathbhlianta, clár córasach d'obair foghrúcháin den scoth, á threisiú ag measúnú cúramach agus monatóireacht ar dul chun cinn;

- nuair atá múinteoir oilte sa bhreith ar an léitheoireacht ag bunscoileanna, ba chóir dóibh a chinntiú freisin go bhfuil na deiseanna crutha ar fáil aige nó aici don fhoireann uilig a scileanna a fhorbairt faoi réir an chláir seo; agus

- a chinntiú go bhfaigheann leanaí, sna luathbhlianta, clár córasach feabhsúcháin i scileanna uimhríochta, á threisiú ag measúnú cúramach agus monatóireacht ar dul chun cinn.

Eagrais Tacaíochta Oideachais

Nuair a bhunaítear é, déanfaidh an tÚdarás um Oideachas agus Scileanna na nithe seo a leanas:

- sonraí binsemharcáilte a thabhairt do scoileanna le cuidiú leo spriocanna cuí a shocrú do ghnóthachtáil sa liteartheacht agus uimhearthеacht;

- scríobh go bliantúil chuig gach scoile, ag socrú na spriocanna córais agus an comhthéacs polasaí ginearálta mar bhunús leis an scoil chun an phlean forbartha scoile a athbhreithniú agus chun spriocanna a shocrú;

- monatóireacht agus measúnú bliantúil ar fheidhmíocht scoileanna aonair agus an t-eolas ar threochtaí a úsáid chun scoileanna a aithint ina bhféadfadh gá a bheith d'idirghabháil tacaíochta

- comhairle, tacaíocht agus oiliúint a sholáthar do scoileanna sna hoideaolaíochtaí liteartheachta agus uimheartheachta is éifeachtaí;

- comhairle, tacaíocht agus oiliúint a sholáthar do scoileanna i bhforbairt agus cur i bhfeidhm dul chun cinn éifeachtach traschuraclaim d'fhoghlaim, múineadh agus measúnú na liteartheachta agus na huimheartheachta;

- machnamh a dhéanamh ar thacaíocht bainistithe go lárnach a sholáthar d'idirghabhálacha níos costasaí (faoi réir an athbhreithnithe SEN) m.sh. breith ar an léitheoireacht, a d'fhéadfaí a chur ar fáil ansin do scoileanna ag rátaí fóirdheontais;

- comhairle a thabhairt ar cheisteanna ceannasaíochta agus bainistíochta agus cur chuige níos comhordaithe a chinntiú maidir le caighdeáin a ardú thar scoileanna

- obair i gcomhpháirt leis na páirtithe leasmhara uilig (gníomhaireachtaí reachtúla san áireamh) chun riachtanais liteartheachta agus uimheartheachta na ndaltaí uilig a shásamh agus chun eolas, treoir agus tacaíocht a sholáthar do thuismitheoirí maidir le liteartheacht agus uimheartheacht;

- machnamh a dhéanamh ar acmhainn ar líne a fhorbairt chun tacú le spriocanna a aithint;

- i gcomhair le ETI, cuidiú le deachleachtas a aithint agus a neadú;

- comhairle agus tacaíocht a sholáthar do socileanna ar fhorbairt agus úsáid éifeachtach a leabharlanna scoile agus

- feidhm dúshláin a sholáthar do scoileanna maidir lena bhfeidhmíocht.

Go dtí go mbunaítear ESA, déanfaidh na Boird Oideachais agus Leabharlainne, ag obair mar is cuí le CCMS, NICIE, CnaG agus CCEA, na gníomhartha seo a leanas chun tacú le scoileanna le caighdeáin sa liteartheacht agus san uimheartheacht a fheabhsú:

- treoir, tacaíocht ghairmiúil agus oiliúint a sholáthar do scoileanna tríd an tSeirbhís um Chomhairle agus Tacaíocht Curaclaim;
- tríd an mBord Bainistíochta Páirtíochta, a chinntiú go bhfuil treoir, tacaíocht agus oiliúint leanúnach, comhordaithe agus nasctha go héifeachtach sa churaclam leasaithe;
- monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin sa liteartheacht agus san uimheartheacht ag leibhéal scoile agus ELB;
- feidhmíocht na scoileanna a cheistiú nuair atá cúis imní ann;
- comhairle a thabhairt ar cheisteanna ceannasaíochta agus bainistíocht agus tacú le cur chuige comhordaithe maidir le caighdeáin a ardú thar scoileanna; agus
- a chinntiú go bhfuil fócas ar leith in oiliúint ghobharnóirí ar fheabsúchán scoile go ginearálta agus ar an liteartheacht agus an uimheartheacht ach go háirithe.

Institiúidí Oiliúna Mhúinteoirí

Ba chóir d'Institiúidí Oiliúna Tosaigh Mhúinteoirí:

- leanúint ag cinntiú go bhfuil léachtóirí ar an eolas faoi chleachtais oideaseolaíochta nua agus rathúil maidir le liteartheacht agus uimheartheacht agus go leasóidh siad cláracha dá réir;
- cláracha a leasú lena chinntiú go dtuigeann na mic léinn uilig ar chúrsaí oiliúna mór-idirghabhálacha agus cur chuige m.sh. breith ar an léitheoireacht, foghrúchán;
- a chinntiú gur cuid dílis í múinteoireacht foghrúcháin i gcláracha uilig ina múintear léitheoireacht do dhaoine óga;

- féachaint lena chinntiú, agus cleachtas múinteoireachta á shocrú, go bhfuil deiseanna ag mic léinn taithí a fháil thar réimse leathan de shuímh; agus

- a chinntiú go bhfuil na mic léinn uilig ar chúrsaí PCGE agus BEd, beag beann ar aon speisialtacht ábhair, páirteach sa staidéar ar liteartheacht agus uimheartheacht.

An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

Déanfaidh an Chigireacht:

- tuairisciú ag leibhéal córais trí Thuairisc an Phríomh-Chigire ar chaighdeáin soláthair, torthaí agus nithe ag éirí maidir le dul chun cinn na Straitéise Liteartheachta agus Uimheartheachta agus, ach go háirithe, ar an dtosaíocht a thugtar don liteartheacht agus uimheartheacht, na caighdeáin a bhaintear amach agus cé chomh fada agus atá said seo á dtabhairt ara aghaidh mar cheisteanna scoile uile;

- a chinntiú, i ngach ceann dá chigireachtaí scoile, go bhfuil trácht ar leith ann ar phleanáil, comhordú agus múineadh na liteartheachta agus na huimheartheachta;

- tuairisc ar leith a thabhairt ar idirghabhálacha rathúla a aimsíonn sé i scoileanna lena chinntiú go ndéantar deachleachtas a thaifeadadh agus a roinnt; agus

- obair i gcomhpháirt leo siúd a sholáthraíonn oiliúint tosaigh mhúinteoirí agus luathfhorbairt agus forbairt leanúnach ghairmiúil do mhúinteoirí ar dheachleachtas a aithint agus a scaipeadh.

An Roinn Oideachais

Déanfaidh an Roinn Oideachais:

- ceannasaíocht straitéiseach a thabhairt, a chinntiú go dtugtar tús áite dó ar fud an chórais oideachais;

- príomheilimintí na straitéise liteartheachta agus uimheartheachta a chur in iúl dos na heagrais tacaíochta, scoileanna agus tuismitheoirí;

- spriocanna réalaíocha ach dúshlánacha a shocrú don straitéis bunaithe ar fhianaise ó threochtaí i bpatrúin gnóthachála, cigireacht agus taighde chuí;

- bonnlíne de tháscairí a sholáthar do mhonatóireacht agus chun cinntí a dhéanamh maidir le soláthar agus torthaí don liteartheacht agus uimheartheacht;

- a chinntiú go dtugtar dóthain maoiniú don straitéis;

- i gcomhair le ETI, monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar cháilíocht agus oiriúnacht na Straitéise i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna, agus freisin ar na codanna liteartheachta agus uimheartheachta laistigh d'oiliúint tosaigh mhúinteoirí agus laistigh de chláracha forbartha gairmiúla;

- i gcomhair le ETI, monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an dtacaíocht a chuireann an ESA do scoileanna maidir le straitéis liteartheachta agus uimheartheachta.

An Tascfhórsa Liteartheachta agus Uimheartheachta

Déanfaidh an Tascfhórsa:

- cuidiú leis an Roinn i gcur i gcrích na straitéise leasaithe um liteartheacht agus uimheartheacht, lena n-áirítear spriocanna a shocrú chun liteartheacht agus uimheartheacht a chothú;

- a chinntiú go mbeidh forfheidhmiú agus measúnú éifeachtach ann ar an straitéis;

- tuairisc a thabhairt in aghaidh na bliana don Roinn ar éifeachtúlacht na straitéise agus moltaí a dhéanamh ar fheabhsúcháin a d'fhéadfaí a dhéanamh; agus

- tuairiscí a ghlacadh ón Roinn (agus tráchtaireacht a dhéanamh orthu) ar dul chun cinn maidir leis na gníomhartha aontaithe uiulig leagtha amach i bhfreagra na Roinne don tuairisc PAC ar liteartheacht agus uimhearthecht.

An aontaíonn tú leis na róil agus freagrachtaí luaite thuas?

Aontaíonn ☐ Ní aontaíonn ☐

Aon phointe tráchta eile: